Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2022
(OR. en)**

**10248/22**

**SOC 385
EMPL 262
SAN 385**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Iodáil |

1. De bhun Airteagail 3 agus 4 de Chinneadh 2003/C 218/01 ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha ar feadh tréimhse trí bliana.

2. Le Cinneadh uaithi an 24 Feabhra 2022[1], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. Fágadh, áfach, go raibh comhaltaí agus comhaltaí malartacha áirithe fós le ceapadh tráth is faide anonn.

3. Tá liosta ainmniúchán de na comhaltaí agus comhaltaí malartacha don Iodáil den Choiste Chomhairleach athnuaite, faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle, mar a leagtar amach sa dréachtchinneadh ón gComhairle in 10247/22 é[2].

[1] IO C 92, 25.2.2022, lch. 1.
[2] Bailchríoch curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   (a) an cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Iodáil a ghlacadh mar mhír 'A', agus

   (b) a chinneadh go bhfoilseofar an Cinneadh mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.